GMIT's Green Campus Committee held its annual open day on 2 October, attended by the Minister for Communications, Climate Action and Environment Denis Naughton and Galway East TD Sean Canney, companies and organisations from the 'green' sector, and school children from nearby Gael Scoil Dara. The event highlighted GMIT's initiatives and projects in waste prevention and reduction, energy efficiency and conservation, water conservation and protection, biodiversity, smart sustainable transport and education initiatives in all campuses. Chairs of the GMIT Green Campus Committee, Dr Mark Kelly and Dr John Lohan, School of Engineering, said "Since the launch of our Green Campus application last year, GMIT has focused on embedding sustainability into the curriculum through a number of initiatives in the School of Engineering. One of the main aims of this year's event was to stimulate further engagement with students and staff to ensure that sustainability becomes a core element of all disciplines in the Institute. In addition, GMIT has been working towards achieving SEAI Sustainable Energy Community status, building on the previous success of the Bachelor of Energy Engineering and Bachelor of Science in Construction Management undergraduate programme and postgraduate research involving extensive community collaboration with the Aran Islands and other communities".

GMIT Mayo Marks 20 Years of Information Technology Degree

As the IT industry struggles to meet the technology demands of today's workplace, new challenges are arising for IT professionals, educators, and software and hardware solution providers. GMIT Mayo's Information Technology degree programme, which celebrates 20 years this academic year, has evolved to meet these challenges, incorporating new elements of the biggest trends such as the 'Internet of Things', Big Data, Business Intelligence, Digital Transformation, Cloud Infrastructure, 3D Printing, and the various blends of Virtual, Augmented and Mixed Realities.



Is é a dúirt Mark Frain agus Brian Mulhern, léachtóirí ar an gclár BSc i dTeicneolaíocht Faisnéise: Tá an t-éileamh ar chéimithe TF ard i gcónaí. Luann an tuarascáil leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí go bhfuil líon iomlán na ndaoine atá ag obair i TF agus disciplíní gaolmhara thart ar 59,000, nó 2.5% den fhórsa saothair ar fad, agus cáilíocht tríú leibhéal ag 90% díobh. Léirigh an fhostáíocht in TF an dara ráta is airde (3.5%) den lucht gairmiúil idir 2010 agus 2015 agus na méaduithe is suntasaí sna réimsí oibríochtaí TF agus pearsanra tacaíochta don úsáideoir TF. Tá an fás seo arna spreagadh, ní ag ról tacaíochta TF atá díreach cruthaithe sa tionscal é féin, ach trí theacht le chéile freisin na n-earnálacha traidisiúnta le TFC: Seirbhísí Airgeadais agus TF, Teicneolaíochtaí Feistí Leighis agus IT, agus Programmatic (Margaíocht/Fógraíocht le TF). Tuarann an Plean Gníomhaíochta Scileanna TFC 2014-2018 go leanfaidh an fás seo ar aghaidh agus 30,000 ról TF breise tuartha atá le líonadh sa ghearrthéarma”.

Mark Frain and Brian Mulhern, lecturers on the Bachelor of Science in Information Technology programme, said: “Demand for IT graduates remains high. The report by the Expert Group on Future Skill Needs states the total number of people working in IT and related disciplines is around 59,000; 2.5% of the total Irish workforce, with 90% of these possessing a third level qualification. Employment in IT showed the second highest growth rate (3.5%) of all professionals between 2010 and 2015 with the most significant increases being in the areas of IT operations and IT User Support personnel. This growth is fuelled not only by directly created IT support roles in the industry itself, but also by the convergence of traditional sectors with ICT: FinTech (Financial Services and IT), MedTech (Medical Device Technologies and IT), and Programmatic (Marketing/Advertising with IT). The ICT Skills Action Plan 2014-2018 forecasts this growth to continue with a predicted additional 30,000 IT roles to be filled in the near term”.

Ar chúil: léachtóir Andrew Beatty, neach léinn Patrick Finlay, neach léinn Sabrina Flynn, neach léinn Juraj Velart. Chun tosaigh: neach léinn Shane Creaven, léachtóir Mark Frain, neach léinn Chase Cargill, neach léinn Michael Ludden.



Back Row: lecturer Andrew Beatty, student Patrick Finlay, student Sabrina Flynn, student Juraj Velart. Front row, student Shane Creaven, lecturer Mark Frain, student Chase Cargill, student Michael Ludden

Léachtóirí Mark Frain, Sharon Boyle agus Noreen Henry.



Lecturers Mark Frain, Sharon Boyle and Noreen Henry.

Déanann GMIT Cúrsaí Páirtaimse Saor in Aisce i Nuálaíocht Bia agus Fiontraíocht a Thairiscint

Ba ábhar áthais do GMIT an cúrsa Teastas i Nuálaíocht Bia agus Fiontraíocht a bhfuil an-tóir air a thairiscint in athuair mar chuid de thionscnamh Springboard an ÚAO. Rinneadh an cúrsa páirtaimseartha saor in aisce a sheachadadh ag fiontraíthe a bhfuil ardphróifíl acu Brendan Allen, Castlemine Farms, JP McMahon, Fear Bialainne agus Ronan Byrne, The Friendly Farmer, agus céimithe an chúrsa ar fiontraíthe bunaithe iad. Dearadh an cúrsa dóibh siúd atá san earnáil Agra-Bhia ar a n-áirítear táirgeoirí réigiúnacha bia, an pobal mór talmhaíochta, feirmeoirí tuaithe

GMIT Offers Free Part-Time Course in Food Innovation and Entrepreneurship

GMIT was delighted to offer a re-run of the highly sought-after Certificate in Food Innovation and Entrepreneurship course as part of the HEA Springboard initiative. The free, part-time course was delivered by high-profile entrepreneurs Brendan Allen, Castlemaine Farms, JP McMahon, Galway Restaurateur and Ronan Byrne, The Friendly Farmer and graduates of the course who are established Food Entrepreneurs. The course was designed for those in the Agri-Food sector including local and regional food

agus fiontraíthe bia, áit nach dtugtar tús áite don oiliúint fiontraíochta de ghnáth. Mar a mhíníonn an Dr Lisa Ryan, Ceann na Roinne Eolaíochtaí Nádúrtha GMIT: “Is iad a d’fhorbair an cúrsa meascán d’fhoireann cáilithe in Eolaíocht Bhia agus Chothú mar aon le painéal d’fhiontraíthe bia agus cuireann siad foghlaim obairbhunaithe chun cinn, amhail foghlaim trí chur i bhfeidhm”.

Clé go Deas: Brendan Allen, Castlemine Farms; JP McMahon, Fear Bialainne i nGaillimh; agus an Dr Lisa Ryan, Ceann na Roinne Eolaíochtaí Nádúrtha, GMIT, agus sonraí an chúrsa nua Nuálacht Bia agus Fiontraíocht á seoladh acu.



L to R: Brendan Allen, Castlemine Farms; JP McMahon, Galway Restaurateur; and Dr Lisa Ryan, Head of Dept. of Natural Sciences, GMIT, launching details of the new Food Innovation and Entrepreneurship course.

producers, the wider agricultural community, rural farmers and food entrepreneurs, where entrepreneurial training has not typically been prioritised. Dr Lisa Ryan, Head of the GMIT Dept of Natural Sciences, explains: “The course was developed by a combination of qualified staff in Food Science and Nutrition together with a panel of food entrepreneurs and promotes work-based learning such as learning by doing”.

Gnóthaíonn Comhoibriú GMIT agus RPS Gradam Náisiúnta ‘Barr Feabhais in Oideachas agus Oilíúint’

Ghnóthaigh Roinn Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta GMIT agus RPS an Gradam ‘Barr Feabhais in Oideachas agus Oilíúint’ ag an nGradaim náisiúnta Ceannaireacht agus Bainistíocht Acmhainní Daonna 2018. Tugann an gradam aitheantas don dlúthchomhoibriú acadúil-tionsclaíoch idir GMIT agus RPS a forbraíodh le linn na gcúig bliana seo caite i bhforbairt Ard-Diplóma (Leibhéal 8) in Innealtóireacht i Samhaltú Faisnéise Foirgníochta (BIM) atá á sheachadadh ag GMIT do raon leathan páirtithe leasmhara tionsclaíochta, agus leas á bhaint as cur chuige nuálach oideachasúil for-rochtana. Cuidíonn an clár le hearnáil na foirgníochta chun a gcuid eiseamláirí gnó agus cleachtais a athbhreithniú d’fhonn bogadh i dtreo cuir chuige níos comhoibríthí chun laghdú costais agus deiseanna nuálaíochta a shainathint laistigh den slabhra soláthair ar mhaithe le luach níos fearr ar airgead, a deir an Dr Mark Kelly, léachtóir agus maor taighde.

Clé go Deas: Mark Costello, Stiúthóir BIM RPS; Shirley Comerford, Ceann Acmhainní Daonna Straitéiseacha, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe (DPER); Mary Rogers, Ceann na Roinne Innealtóireachta Foirgníochta agus Sibhialta, GMIT; agus Gerry Carty, Stiúthóir Bainistíochta, RPS.



L to R: Mark Costello, Director BIM RPS; Shirley Comerford, Head of Strategic Human Resources, Department of Public Expenditure and Reform (DPER); Mary Rogers, Head of Department of Building and Civil Engineering, GMIT; and Gerry Carty, Managing Director, RPS.

GMIT and RPS Collaboration Wins National ‘Excellence in Education and Training’ Award

The GMIT Department of Building & Civil Engineering and RPS won the ‘Excellence in Education and Training’ Award at the national Human Resource Leadership and Management Awards 2018. The award recognises the close academic-industry collaboration between GMIT and RPS which has evolved over the past five years, resulting in the development of a Higher Diploma (Level 8) in Engineering in Building Information Modelling (BIM) which is being delivered by GMIT to a wide range of industry stakeholders using an innovative educational outreach approach. The programme assists the construction sector in reviewing their business models and practices to facilitate a move towards more collaborative approaches to identify cost reduction and innovation opportunities within the supply chain to provide better value for money, says Dr Mark Kelly, lecturer and research supervisor.

Scoláireacht Nua John Costelloe le Haghaidh Neacha Léinn Eolaíochta Muirí GMIT

Seoladh deis scoláireachta nua le haghaidh neacha léinn dara bliain na Bitheolaíochta Feidhmí Fionnuisce agus Muirí, ar a dtugtar gradam Scoláireacht John Costelloe in GMIT Gaillimh, a raibh i láthair idir chlann, chairde agus chomhghleacaithe oibre John Costelloe nach maireann. Bhí John ina léachtóir in NUIG agus tar éis dó a bheith ag obair ar iarDhochtúireacht sna SA agus sa Spáinn, d'fhill sé ar Ghailimh in 1986 agus chomhbhunaigh AquaFact International Services Ltd, cuideachta chomhairleoireachta chomhshaoil a dhéanann speisialú i monatóireacht agus bainistiú ar thimpeallachtaí muirí, fionnuisce agus talún. Tríocha bliain ina dhiaidh sin is eagraíocht uathúil í AquaFact agus is í an chomhairleoireacht chomhshaoil mhuirí is faide atá in Éirinn agus obair déanta acu i mbreis is fiche tír i gceithre mhór-roinn. Ar an droch-uair, fuair John bás i Meán Fómhair 2016 ag an aois óg de 59. Is éard atá sa scoláireacht nua dealbhóireacht le John Coll, arbh sheanchara agus seanchomhghleacaí le John é, mar aon le stipinn bhliantúil a ndéanann AquaFact urraíocht orthu araon. Dúirt an Dr Heather Lally, léachtóir in Eiceolaíocht agus Bitheolaíocht Fhionnuisce, GMIT: “Thug John tacaíocht do neacha léinn agus don léann ar feadh a shaoil agus thug gan staonadh dá chuid ama agus fuinnimh do na neacha léinn lenar bhuaíl sé ina shaol gairmiúil”. Agus é bunaithe ar a fheidhmíocht sa dara bliain den chlár BSc i mBitheolaíocht Fheidhmeach Fhionnuisce agus Mhuirí, ba é an neach léinn Aniket Patil céad fhaighteoir Ghradam Scoláireacht John Costelloe.

Brendan O'Connor, AquaFact; agus Catherine Costelloe sa lár, ag bronnadh dealbhóireacht le John Coll ar an Dr Pat Dinneen (ar chlé) agus an Dr Heather Lally, GMIT (ar dheis) ag seoladh Scoláireacht nua John Costelloe le haghaidh neach léinn dara bliain GMIT i mBitheolaíocht Fheidhmeach Fhionnuisce agus Mhuirí.



Brendan O'Connor, AquaFact; and Catherine Costelloe (centre), presenting a sculpture by John Coll to Dr Pat Dinneen (left) and Dr Heather Lally, GMIT (right) at the launch of the new John Costelloe Scholarship for second year GMIT students of Applied Freshwater and Marine Biology.

New John Costelloe Scholarship for GMIT Marine Science Students

A new scholarship opportunity for second year Applied Freshwater and Marine Biology students, called The John Costelloe Scholarship award, was launched at a function in GMIT Galway, attended by family, friends and work colleagues of the late John Costelloe. John lectured in NUIG and after working as a Post Doc in the US and Spain he returned to Galway in 1986 and co-founded AquaFact International Services Ltd, an environmental consultancy company specialising in monitoring and managing marine, freshwater and terrestrial environments. Thirty years on, AquaFact is a unique organisation and the longest running marine environmental consultancy in Ireland and has worked in over twenty countries across four continents. Sadly, John passed away in September 2016 at the young age of 59. The new scholarship consists of a sculpture by John Coll, who was a friend and former colleague of John Costelloe, and an annual stipend both of which are sponsored by AquaFact. Dr Heather Lally, lecturer in Freshwater Ecology and Biology, GMIT, says “John was a life-long supporter of students and learning and gave tirelessly of his time and energy to students he encountered in his professional life”. Student Aniket Patil, based on his performance in second year of the Bachelor of Science in Applied Freshwater and Marine Biology programme, was the first recipient of the John Costelloe Scholarship Award.

Molann Breithiúna Tionscail Ardchaighdeáin agus Scileanna Innealtóirí Neacha Léinn GMIT

Ghnóthaigh ‘spás triomaithe tí a úsáideann córas athghabhála aeraithe teasa’ agus ‘cuadcaptar le haghaidh tarrthála mearfhreagartha stad cairdiach’ dhá Ghradam Thionscnamh Innealtóirí Iarthar na hÉireann ag Expo, tionscnaimh Innealtóireachta Meicniúla agus Tionsclaíche GMIT. Bhí an dá thionscadal a bhuaigh, le Philip Doyle as Baile Glúinín, Tuaim agus Max Phelan as Órán Mór, faoi seach, ar na 45 tionscadal a bhí inscríofa i bhformáid póstaer agus a cuireadh ar taispeánt sa Caife Foyer GMIT ó 25 Aibreán go 2 Bealtaine. Rinne na saineolaithe tionscail, Alan Heneghan, Bainisteoir Sinsearach Cláir, Thermoking, Donal Collins, Bainisteoir T&F, McHale, Brian Dowling, Innealtóir Tionscadail, Medtronic, agus John Paul Butler, Cathaoirleach Innealtóirí Éireann Réigiún an Iarthair, urraí an imeachta, moltóireacht ar an gcomórtas tionscnaimh.



Industry Judges Praise High Standards and Skillsets of GMIT Student Engineers

A ‘domestic drying space using a heat recovery ventilation system’ and a ‘quadcopter for rapid response cardiac arrest rescue’ won two Engineers Ireland West Project Awards at the inaugural GMIT Mechanical and Industrial Engineering Expo. The two winning projects, by Philip Doyle from Ballygunin, Tuam, and Max Phelan from Oranmore, respectively, were among 45 projects described in poster format and exhibited in the GMIT Café Foyer from 25 April to 2 May. The inaugural competition was judged by industry experts Alan Heneghan, Senior Programme Manager, Thermoking, Donal Collins, R&D Manager, McHale, Brian Dowling, Project Engineer, Medtronic, and John Paul Butler, Chairman of Engineers Ireland West Region, sponsor of the student awards.

Neacha léinn agus duaiseoirí a ghlac páirt in Expo Innealtóireacht Mheicniúil agus Thionsclaíoch 2018.

Students and prize-winners who took part in the Mechanical and Industrial Engineering Expo 2018.



Tairgeadh 13 Cúrsa Nua Uas-Scileála Saor in Aisce do GMIT Faoi Springboard 2018

D'éirigh le hiarratas GMIT ar an Údarás um Ardoideachas le 13 cúrsa nua uas-scileála saor in aisce a sheachadadh ag campais Mhaigh Eo agus na Gaillimhe faoi chlár Springboard 2018.

Cúrsaí Springboard champas Mhaigh Eo GMIT:

- Teastas in Anailís & Luacháil ar Shamhaltú Sonraí – AR LÍNE/CUMAISCTHE
- Teastas i gCosaint Sonraí – AR LÍNE/CUMAISCTHE
- Teastas Iarchéime i Meáin Dhigiteacha & Margaíocht – AR LÍNE/CUMAISCTHE
- Teicneolaíocht Foirgníochta Inbhuanaithe.

Cúrsaí Springboard champas na Gaillimhe GMIT:

- Teastas in Ealaíona Cócaireachta
- Dámhachtain Shainchuspóireach in Anailiseacht Ghnó – AR LÍNE
- Teastas i bhFiontraíocht Talmhaíochta
- Ard-Diplóma i Samhaltú Faisnéise Foirgníochta (BIM) – AR LÍNE
- Baitsiléir Innealtóireachta (Forlíontach) in Innealtóireacht Déantúsaíochta
- Ard-Diplóma in Eolaíocht i Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí – Cuibhreannas – AR LÍNE
- Ard-Diplóma in Eolaíocht i Ríomhaireacht in Anailiseacht Sonraí – AR LÍNE
- Teastas i Nuálaíocht Bia agus Fiontraíocht
- Cáilíocht do Thionscal na bhFeistí Leighis.

GMIT Offered 13 New Free Upskilling Courses Under Springboard 2018

GMIT was successful in its application to the Higher Education Authority (HEA) to deliver 13 new free upskilling courses at its Mayo and Galway campuses under the Springboard+ 2018 programme.

GMIT Mayo campus Springboard courses:

- Certificate in Data Modelling Analysis & Valuation – ONLINE/BLENDED
- Certificate in Data Protection – ONLINE/BLENDED
- Postgraduate Certificate in Digital Media & Marketing – ONLINE/BLENDED
- Sustainable Building Technology

GMIT Galway campus Springboard courses:

- Certificate in Culinary Arts
- Special Purpose Award in Business Analytics – ONLINE
- Certificate in Agricultural Entrepreneurship
- Higher Diploma in Building Information Modelling (BIM) – ONLINE
- Bachelor of Engineering (Add-On) in Manufacturing Engineering
- Higher Diploma in Science in Computing in Software Development – Consortium – ONLINE
- Higher Diploma in Science in Computing in Data Analytics – ONLINE
- Certificate in Food Innovation and Entrepreneurship
- Quality for the Medical Device Industry

Taighde, Forbairt agus Nualaíocht 3.2

Bronnadh Creidiúnú ISO ar Theicneolaíocht Innealtóireachta Leighis (MET) GMIT Gateway

Bronnadh creidiúnú ISO (9001:2015), a bhfuil ardmheas air, ar Theicneolaíocht Innealtóireachta Leighis (MET) GMIT Gateway. Agus é arna mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann, is Geata Teicneolaíochta idirdhisciplíneach é Met a chuireann réitigh den scoth ar fáil le haghaidh na hearnála MedTech agus na déantúsaíochta ginearálta, a fhorbraíonn teicneolaíochtaí úr nua a bhaineann go hábhartha le taighde cliniceach agus cuideachtaí MedTech araon atá ag oibriú sa chéim cur i bhfeidhm dearaidh. Dúirt an Dr Eugene McCarthy, Stiúrthóir Forbartha Gnó MET Technology Gateway, “Is éacht suntasach é an creidiúnú seo atá aitheanta go domhanda a bhaint amach. Socraíonn sé MET Gateway go straitéiseach mar thaca lárnach nuálaíochta le haghaidh cuideachtaí a oibríonn i ndearadh feistí leighis. Is é príomhluach theastasú ISO ná gur féidir gníomhaíochtaí Gateway leis an tionsclaíocht a úsáid ar bhealach níos díri. Cuireann sé sin muinín níos mó ar fáil do chliaint ionchasacha le hoibriú le taighdeoirí atá bunaithe in GMIT agus cuireann dlús le forbairt táirgí?”

Cuireann dearadh, déantús agus tástáil míonsamhlacha saincheaptha anatamaíochta ag MET Gateway GMIT (sa phictiúr) dlús le forbairt táirgí agus laghdaíonn costais tástála réamhcliniceach ar fheistí leighis.



Design, manufacture and testing of customised anatomical models at GMIT's MET Gateway (pictured) accelerates product development and reduces the costs of pre-clinical testing of medical devices.

Research, Development and Innovation 3.2

GMIT Medical Engineering Technology (MET) Gateway Awarded ISO Accreditation

GMIT's Medical & Engineering Technology Gateway was awarded the prestigious ISO accreditation (9001:2015). Funded by Enterprise Ireland, MET is an interdisciplinary Technology Gateway providing world class solutions for the MedTech and general manufacturing sectors, developing novel technologies relevant to both clinical research and MedTech companies operating in the design application phase. Dr Eugene McCarthy, MET Technology Gateway Business Development Director, said “Securing this globally recognised accreditation is a significant achievement. It strategically positions the MET Gateway as a central innovation support for companies operating in medical device design. The key value of the ISO certification is that the Gateway activities with industry can be more directly utilised. This provides potential clients with greater confidence to work with researchers based in GMIT and accelerates product development”.

Déanann nMhoil GMIT Clár Nua EMPOWER a Sheachadadh le Haghaidh Fiontraíthe Ban

D'ainneoin aitheantas náisiúnta ar fhiontraíthe ban, tá Éire thíos le líon íseal ban atá rannpháirteach i ngnólachtaí nuathionscanta agus is foinse thearcfhorbartha eacnamaíochta agus jobanna iad gnólachtaí atá á stiúradh ag mná. Mar chuid d'iarracht chun líon na bhfiontraíthe ban a mhéadú i nGaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin, rinne Moil Nuálaíochta GMIT clár nua réigiúnach a sheachadadh darb ainm “EMPOWER” sna Mhoil i gcampais na Gaillimhe agus Maigh Eo. Agus é arna mhaoiniú ag an Roinn Cirt agus Comhionannais agus ag an gCiste Soisialta Eorpach, tá mar sprioc ag clár EMPOWER gnólachtaí atá á stiúradh ag mná a chur chun cinn go mear trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha a chuireann bac roimh a bhforbairt. Is é a deir Maria Staunton, Bainisteoir an chláir: “Le linn mo chuid ama i Moil

GMIT iHubs Deliver New EMPOWER Programme for Women Entrepreneurs

Despite national recognition of female entrepreneurs, Ireland suffers from a low number of women engaged in business start-ups and female-led businesses remain an underdeveloped source of economic growth and jobs. As part of a drive to increase the number of female entrepreneurs in Galway, Mayo and Roscommon, GMIT Innovation Hubs delivered a new regional programme called “EMPOWER” in the iHubs in the Galway and Mayo campuses. Funded by the Department of Justice and Equality and the European Social Fund, the EMPOWER programme aims to fast track female-led businesses by addressing specific challenges hindering their development. Maria Staunton, Manager of the programme, says: “During my

Nuálaíochta GMIT d'aithin mé an bhearna i líon na bhfionraithe ban i gcomórtas leis na fir. Ní thagann dóthain ban chun cinn agus creidim dáiríre gur foinse thearcfhorbartha iad gnólachtaí atá stiúrtha ag mná le haghaidh forbartha eacnamaíochta agus jabanna. Trí EMPOWER, tá mar aidhm ag GMIT an bhearna sin a laghdú tuilleadh trí clár luachmhar a sheachadadh a rachaidh chun tairbhe agus a thacóidh le fionraithe ban i nGaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin”.

Agus sonraí an chláir nua “EMPOWER” á bhfogáirt, C go D: Pamela Barrett, LEO Mhaigh Eo; Caroline Gordon, Líonra Mhaigh Eo; Maria Staunton, IMhoil GMIT agus Bainisteoir Cláir EMPOWER; Margaret Charleton, Fiontraíocht Éireann; agus John Magee, LEO Mhaigh Eo.



Announcing details of the new “EMPOWER” programme, L to R: Pamela Barrett, Mayo LEO; Caroline Gordon, Network Mayo; Maria Staunton, GMIT iHubs and EMPOWER Programme Manager; Margaret Charleton, Enterprise Ireland; and John Magee, Mayo LEO.

Síneadh le Mol Nuálaíochta na Gaillimhe GMIT

Tá beartaithe ag GMIT méid a foirgnimh nMhoil a dhúbailt ag campas na Gaillimhe tar éis faomhadh maoinithe a fháil ó Fhiontraíocht Éireann. Tabharfaidh Fiontraíocht Éireann €3m mar chuid de chostas iomlán thionscadal síneadh an fhoirgnimh de circa € 3.7m. D’iompaigh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphries, TD, an chéad fhód ar shuíomh an tsínidh nua le linn shamhradh 2018. Déanfaidh an foirgneamh nua méid an nMhoil a dhúbailt go dtí thart ar 2,400 m², agus cuirfidh spás ar fáil le haghaidh trí aonad tiomanta T&F MedTech; 17 aonad goir le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta sna hearnálacha Bogearraí, Teicneolaíocht Dhigiteach agus Sláinte Ghaolmhar; spás Comhoibríthe; spás d’Imeachtaí; Moil Shóisialta; agus cruinnithe ar leithligh agus ceantair líonraithe. Cuirfidh sé Mol tiomanta Fiontraíochta ar fáil, áit inar féidir le taighdeoirí, lucht foirne, neacha léinn agus an tionsclaíocht oibriú i gcomhar ar smaointe nuálacha a chruthú agus a fhorbairt mar thacaíocht leis an Straitéis Oscailte Nuálaíochta. Ar na cliant-chuideachtaí atá lonnaithe faoi láthair sna nMhoil tá Marvao Medical, OneTouch Telecare, Capsos Medical, Rockfield Medical, BlueDrop Medical, Kite Medical, Cloud Strong, Allergy Lifestyle, Tr3Dent agus Happy Media gan ach roinnt a ainmniú. Ar na cuideachtaí atá athshuite ó na nMhoil tá Novate Medical, Veryan Medical, NeoSurgical, Nortev, TradeCert, Horizon, TruckScience, Chipright, CGA Technology, Hillwalk Tours agus Game Golf.

GMIT Galway Innovation Hub Extension

GMIT is planning to double the size of its iHub building at the Galway campus following funding approval from Enterprise Ireland. Enterprise Ireland will contribute €3m towards the total project cost of the building extension of circa €3.7m. The Minister for Business, Enterprise and Innovation, Heather Humphreys, TD, turned the first sod on the site of the new extension during the summer of 2018. The new building will double the size of the iHub to about 2,400 m², providing space for an additional three dedicated MedTech R&D units; 17 incubation units for start-ups in the Software, Digital Tech, Connected Health sectors; a Co-Working space; an Events Space; Social Hubs; and, breakout meeting and networking areas. It will provide a dedicated Entrepreneurship Hub where GMIT researchers, staff, students and industry can work collaboratively on the creation and development of innovative ideas in support of an Open Innovation Strategy. Client companies currently occupying the iHubs include Marvao Medical, OneTouch Telecare, Capsos Medical, Rockfield Medical, BlueDrop Medical, Kite Medical, Cloud Strong, Allergy Lifestyle, Tr3Dent and Happy Media to name a few. Relocated client companies from the iHubs include Novate Medical, Veryan Medical, NeoSurgical, Nortev, TradeCert, Horizon, TruckScience, Chipright, CGA Technology, Hillwalk Tours and Game Golf.

Íomhá den síneadh le Mol Nuálaíochta na Gaillimhe GMIT atá beartaithe ar Bhóthar Bhaile Átha.



Image of the proposed extension to the GMIT Galway Innovation Hub on the Dublin Road.

C go D: Jan Van Dijk, Ailtire; an Comh. Niall McNeilis; Méara na Gaillimhe; an Comh. Michael Maher; an Dr Michael Hannon, Leas-Uachtarán GMIT; David Lee, Bainisteoir Foirgneamh & Eastát GMIT; George McCourt, Ceann Nuálaíochta & Fiontraíochta GMIT; an tAire Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta Heather Humphreys; Barry Egan, Fiontraíocht Éireann, Stiúrthóir, Réigiún an Iarthair; an Teachta Seán Kyne; agus Cormac MacDonncha, Cathaoirleach Bhord Rialaithe GMIT.



L to R: Jan Van Dijk, Architect; Cllr Niall McNeilis, Mayor of Galway City; Cllr Michael Maher; Dr Michael Hannon, Deputy President of GMIT; David Lee, GMIT Buildings & Estates Manager; George McCourt, GMIT Head of Innovation & Enterprise; the Minister for Business, Enterprise and Innovation Heather Humphreys; Barry Egan, Enterprise Ireland, Director, West Region; Deputy Sean Kyne; and Cormac MacDonncha, Chairman of GMIT Governing Body.

Ghnóthaíonn Xerotech Gnólacht Éiritheach is Fearr de Chuid New Frontiers

Ghnóthaigh cruthaitheoir teicneolaíocht nuálach cille cumhachtaí an phríomhdhuais i nGradaim don Ghnólacht éiritheach is Fearr de chuid New Frontiers GMIT. Ghnóthaigh an Dr Barry Flannery as Gaillimh €10,000, a bhí urraithe ag KPMG, dá aonad cumhachta cúnata leictreach a chuireann cumhacht ar fáil do chábáin trucaí cianaistir le linn stopanna éigeantacha. Is é réiteach Xerotech ná modúl comhtháite tionaithe cumhachtaithe agus stórála a mhéadaíonn faoi thrí am rite agus faoi dhó cumas fuaraithe na réiteach cadhnra atá ann faoi láthair. Tá an córas ciúin ar fad, ní tháirgeann astaíochtaí ar bith agus íocann as féin laistigh de 18 mí. Dúirt Stiúrthóir KPMG, Conor O'Dowd: "Is iontach an rud é dul chun cinn bhuaiteoirí agus rannpháirtithe ar an gclár roimhe seo a fheiceáil i dtéarmaí maoinithe agus líon méadaitheach a bhfostaithe". Dúirt Tony O'Kelly, Bainisteoir New Frontiers, GMIT, Gaillimh: "Tá ár bpróiseas gnólachtaí nuathionscanta tar éis 114 iarratasóir a mhealladh chuig clár 2018. As an ngrúpa seo tá beartaithe againn tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt an chéad mhaidhm de gnólachtaí nuathionscanta spreagúla in ár réigiún".

C go D: Barry Egan, Fiontraíocht Éireann, Stiúrthóir an Iarthair; Mark Corrigan, Marine Cable Services (dara háit); Barry Flannery, Xerotech (buaiteoir); Iain Morrow, OpenBox Models (Ceannle Súil-a-Choinneáil-Air); Tony O'Kelly, Bainisteoir New Frontiers GMIT.



Xerotech Wins NF Best Emerging Business Award

The creator of an innovative power cell technology scooped the top prize in the GMIT New Frontiers Best Emerging Business Awards. Dr Barry Flannery from Galway won €10,000, sponsored by KPMG, for his electric auxiliary power unit which provides power to long-haul truck cabins during mandatory stop-overs. Xerotech's solution is an integrated power conversion and storage module which has triple the run-time and double the cooling capacity of existing battery solutions. The system is completely silent, produces no emissions and pays for itself within 18 months. Director of KPMG Conor O'Dowd said "It is great to see the progress of previous winners and participants on the programme in terms of funding and increasing employee numbers". Tony O'Kelly, New Frontiers Manager, GMIT Galway, says: "Our start-up process has attracted 114 applicants to the 2018 programme, from this group we plan to support the development of the next wave of exciting start-ups in our region".

L to R: Barry Egan, Enterprise Ireland Director West; Mark Corrigan, Marine Cable Services (runner-up); Barry Flannery, Xerotech (winner); Iain Morrow, OpenBox Models (One-to-Watch); Tony O'Kelly, GMIT New Frontiers Manager

Faigheann Met Gateway GMIT €1.4m i dTráinne nua Maoinithe Rialtais

Fuair Teicneolaíochtaí Leighis agus Innealtóireachta GMIT (MET) Gateway €1.4m i maoiniú Rialtais ar feadh tréimhse cúig bliana chun réitigh úrscothacha tionscaldírthe a chur ar fáil le haghaidh SMEanna agus eagraíochtaí níos mó thar na hearnálacha MEDtECH, Innealtóireacht agus Eolaíochtaí Beatha. Tá MET Gateway GMIT ar cheann de 15 Gateway Teicneolaíochta atá tionscaldírthe de chuid Fhiontraíocht Éireann agus iad suite in 11 Institiúid Teicneolaíochta, a chuimsíonn 300 taighdeoir a bhfuil ardscoilleana acu agus iad tionscaldírthe, mar aon le saintrealamh agus áiseanna. Dúirt an Dr Rick Officer, Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta ag GMIT: “Tá fás gan fasach feicthe againn i gcomhoibriú idir an earnáil MedTech agus Gateway MET GMIT óna thús. Cinnteoidh maoiniú Gateway Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann go leanfaidh MET Gateway GMIT de réitigh teicneolaíocht bhunaithe a sheachadadh le haghaidh na tionsclaíochta ag an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal náisiúnta araon”. Chuir an Dr Officer fáilte freisin roimh fhógra de chuid an bhraisle nua Teicneolaíocht Bhia na hÉireann: “mar bhall den bhraisle nua Teicneolaíocht Bhia na hÉireann, tá MET ag súil le cur lenár dtairiscint i gCothú Leigheasach agus i neartú cion GMIT d’earnáil bhia na hÉireann”.

C go D: Tomás Thompson, POF Rockfield Medical (bunaithe in nMhol GMIT); an Dr Eugene McCarthy, Gateway MET GMIT; an tAire Stáit d’Oiliúint agus Scileanna, John Halligan, TD; agus an Dr Lisa Ryan, MET GMIT Stiúrthóir Acadúil i gCothú Leigheasach.



L to R: Tomás Thompson, CEO Rockfield Medical (based in the GMIT iHub); Dr Eugene McCarthy, GMIT MET Gateway; Minister of State for Training and Skills John Halligan, TD; and Dr Lisa Ryan, GMIT MET Academic Director in Medicinal Nutrition.

GMIT Met Gateway Wins €1.4m in New Tranche of Government Funding

GMIT’s Medical and Engineering Technologies (MET) Gateway received €1.4m Government funding for a five-year period to provide cutting-edge, industry focused solutions for SMEs and larger organisations across the MedTech, Engineering and Lifesciences sectors. GMIT’s MET Gateway is one of 15 industry-focused Enterprise Ireland Technology Gateways located in 11 Institutes of Technology, comprised of 300 highly skilled and industrially focused researchers, together with specialist equipment and facilities. Dr Rick Officer, VP of Research and Innovation at GMIT, said: “We have seen unprecedented growth in collaborations between the MedTech sector and GMIT’s MET Gateway since its inception. Enterprise Ireland’s Technology Gateway funding will ensure MET continues to deliver technology-based solutions for industry at both a regional and national level”. Dr Officer also welcomed the announcement of the new Irish Food Tech cluster: “As a member of the new Irish Food Tech cluster, MET looks forward to expanding our offering in Medicinal Nutrition and strengthening GMIT’s contribution to Ireland’s food sector”.

Eolaithe an Lárionad Muirí agus Fionnuisce le dróin a Iniúchadh Chun Cáilíocht Uisce a Thástáil

Fuair an Lárionad um Thaighde Muirí agus Fionnuisce (MRFC) maoiniú ón nGníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil na hÉireann (EPA) chun measúnú a dhéanamh ar acmhainn drón chun uisce agus sonraí fisicicheimiceach a shampláil as locha oscailte. Tá an taighde, an chéad cheann dá leithéid, á stiúradh ag an Dr Heather Lally, an Dr Ian O'Connor agus an Dr Conor Graham ar éirigh leo €132,000 a fháil don tionscadal dhá bhliain seo. Is é a dhéanfaidh siad: measúnú ar acmhainn drón le haghaidh shampláil uisce locha oscailte; measúnú a dhéanamh ar cé acu an gcomhlíonann samplaí uisce a bhailítear le dróin an stádas maith eiceolaíoch mar atá leagtha amach i gCreat-treoir Uisce an AE; a fháil amach cé acu an féidir dróin a úsáid chun líon na loch a bhfuil monatóireacht á déanamh orthu a mhéadú; agus scrúdú a dhéanamh ar cibé acu an féidir le dróin prótacal samplála a thabhairt atá níos gasta, níos éifeachtúla ó thaobh costas de, le níos lú saothair ag gabháil leis agus níos sábháilte don EPA mar chuid dá gclár Monatóireachta Locha. Tá foireann an tionscadail comhdhéanta de shaineolaithe ilnáisiúnacha agus ildisciplíneacha ar a n-áirítear eolaithe ceimiceán uisce, bitheolaithe locha, innealtóirí corpraithe, píolótaí ceadúnaithe feithicle aeir neamhfhoireannaithe, agus taighdeoirí a fheidhmíonn dróin i monatóireacht chomhshaoil.

An Dr Heather Lally, Príomh-Imscrúdaitheoir ón Lárionad Taighde Muirí agus Fionnuisce (MRFC), GMIT sa phictiúr agus drón DJI aici le linn chleachtadh eitilte ag Loch Buinne, Co an Chláir.



Dr Heather Lally, Principal Investigator from the Marine and Freshwater Research Centre (MRFC), GMIT pictured holding the DJI Phantom drone during flight practice at Lough Bunney, Co Clare.

Marine & Freshwater Centre Scientists to Explore Use of Drones to Test Water Quality

The Marine and Freshwater Research Centre (MRFC) won funding from the Irish Environmental Protection Agency (EPA) to assess the potential of drones to sample water and physico-chemical data from open lakes. The research, the first of its kind in Ireland, is being led by Dr Heather Lally, Dr Ian O'Connor and Dr Conor Graham who secured €132,000 for the two-year project. They will: assess the potential of drones for open lake water sampling; evaluate whether water samples collected using drones satisfy good ecological status as set out in the EU Water Framework Directive (WFD); determine whether drones can be used to increase the number of lakes monitored; and examine whether drones can offer a quicker, more cost effective, less labour intensive and safer sampling protocol for the EPA as part of their WFD Lake Monitoring programme. The project team is made up of multi-national and multi-disciplinary experts including water chemistry scientists, lake biologists, incorporated engineers, licensed unmanned aerial vehicle pilots, and researchers applying drones in environmental monitoring.

Idirnáisiúnú 3.3

Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta

Le linn 2017-2018, thug an Institiúid faoi chuairt thar lear ar an tSín, Oman, An Téalainn, Ceanada, SAM agus ar chathracha éagsúla Eorpacha. Ba é a bhí mar aidhm leis na cuairteanna uile sin iniúchadh a dhéanamh ar mhargaí nua féideartha, tógáil ar chomhoibríochtaí atá ann cheana féin, tacú le soghluaisteacht foirne agus deiseanna intéirneachtaí neach léinn.

An tSín 2017-2018

Sa bhliain acadúil seo, thug GMIT cuairt faoi dhó ar an tSín, san fhómhar 2017 mar chuid d'fheachtas earcaíochta bliantúil Oideachas in Éirinn agus arís i mí an Mhárta 2018 mar chuid de chlár náisiúnta Lá 'le Pádraig.

I bhfómhar na bliana 2017, bhí an Leas-Uachtarán do Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta agus Stiúrthóir do Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta i gcruinnithe le dhá phríomh-chomhpháirtí oideachais chun ceisteanna a phlé maidir le hearcaíocht neach léinn. Bhuail siad freisin le Beijing Innovation Oriental atá ag iarraidh clár atá maoinithe ag an rialtas a fhorbairt a mheaitseálann institiúidí ardoideachais Éireann/RA/Ísiltíre le hollscoileanna Síneacha faoina bhforbróidh an dá chomhpháirtí dámhachtainí fochéime agus neacha léinn Síneacha a bhíonn ag cur críche lena gcuid staidéir in Éirinn.

I mí na Nollag 2017, d'óstaigh DIT agus GMIT toiscaireacht ó Chumann Oideachais na Síne le haghaidh Oideachais Idirnáisiúnta. Is gníomhaireacht rialtais é an cumann a thacaíonn le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta oideachais. Deis a bhí ina gcuart ar GMIT don Institiúid chun scoileanna agus cláir, lárionaid taighde agus téamaí agus forbairtí nua i dteagasc agus foghlaim a chur i láthair.

I mí an Mhárta 2018, shínigh GMIT trí Mheamram Tuisceana le hOllscoil Teicneolaíochta Chengu, le hOllscoil Teicneolaíochta Shanghai agus Ollscoil Jingchu i láthair an Ambasadora Eoin O'Leary agus An Tánaiste Simon Coveney ag Ambasáid na hÉireann in Beijing. Le linn na cuairte thaistil muid freisin go dtí Gnáth-Ollscoil Chongqing agus bhuail leis an Uachtarán, Deán Idirnáisiúnta agus Deán Dáimhe chun tús a chur le plé maidir le comhoibríthe féideartha sa toadhcháil le cláir fhochéime.

Leanann an Institiúid de bheith rannpháirteach i gClár Scoláireachta an Chladaigh. Bhunaigh agus eagraíonn Oideachas in Éirinn CLÁR Scoláireachta an Chladaigh. Sheol an tAire Oideachais in Éirinn an clár i nDeireadh Fómhair 2015 agus féadfar sonraí faoi a aimsiú ag <http://www.gmit.ie/sites/default/files/public/international/docs/gmit-claddagh-scholarship-2018.pdf>

Internationalisation 3.3

International Engagement

In 2017-2018, the Institute engaged in overseas visits to China, Oman, Vietnam, Thailand, Canada, USA and various European cities. The purpose of all visits was to investigate new potential markets, build on existing collaborations, support staff mobility and student internship opportunities.

China 2017-2018

In this academic year GMIT visited China twice, in autumn 2017 as part of the Education in Ireland annual recruitment campaign and again in March 2018 as part of the St. Patrick's Day national programme.

In autumn 2017, the VP for International Engagement and Director for International Engagement participated in meetings with two leading education partners to discuss opportunities regarding student recruitment. They also met with Beijing Innovation Oriental who are developing a government funded programme matching Irish/UK/Dutch higher education Institutes with Chinese universities where both partners will develop undergraduate awards with Chinese students competing their studies in Ireland.

In December 2017, DIT and GMIT hosted a delegation from the Chinese Education Association for International Education (CEAIE). The association is a government agency which supports global international education partnerships. Their visit to GMIT was an opportunity for the Institute to present schools and programmes, research centres and themes and new developments in teaching and learning.

In March 2018, GMIT signed three Memorandum of Understanding with Chengdu Technological University, Shangluo Technological University and Jingchu University in the presence of HE Ambassador Eoin O'Leary and An Tánaiste Simon Coveney at the Irish Embassy in Beijing. During this visit we also travelled to Chongqing Normal University and met the President, the Dean of International and Deans of Faculty to begin discussions around potential future collaborations with undergraduate programmes.

The Institute continues to participate in the Claddagh Scholarship Programme. The Claddagh Scholarship Programme was established and is organised by Education in Ireland. The programme was officially launched by the Irish Minister for Education in October 2015. Further details can be found at <https://www.gmit.ie/sites/default/files/public/international/docs/gmit-claddagh-scholarship-2018.pdf>

Ceanada

Shínigh GMIT dhá Mheamram Tuisceana le comhpháirtithe Ontario College i mbliana. Tar éis an scéal a phlé le St Lawrence College in Kingstown agus Niagara College ar an Loch, comhaontaíodh dhá chomhaontú ó bhéal in dhá réimse abhair agus rinneadh cuairteanna ar an dá chomhpháirtí.

Le linn na bliana seo, d'éirigh le GMIT maoiniú a fháil ó Chlár Soghluaisteachta Rialtas na hÉireann chun tacú le forbairt curaclaim le St Lawrence Colledge sa réimse Bainistíocht Fáilteachais. Thug an maoiniú sin tacaíocht do bhaill foirne GMIT – Jacinta Dalton, Colin Gilligan agus Cormac Handy taisteal go dtí St Lawrence College in Kingstown áit ar cuireadh tús leis an obair. Ina dhiaidh sin d'ostaigh GMIT athchuart ó dháimh St Lawrence agus táthar ag súil go gcuirfidh an fhorbairt seo deiseanna ar fáil le haghaidh mhalartú neach léinn agus dáimhe. Beidh neacha léinn as Éirinn in ann staidéar a dhéanamh ag St Lawrence ar feadh sé mhí agus beidh neacha léinn St Lawrence ag teacht go hÉirinn chun staidéar a dhéanamh ar feadh sé mhí. Tabharfar aitheantas don malartú seo mar chuid dá gcéim dheiridh. Lena chois sin, beidh deis ag neacha léinn St Lawrence aistriú chuig GMIT i mbliain 3 chun a gcéim i mBainistíocht Óstáin Idirnáisiúnta a chur i gcrích.

Réigiúin Eile

Le linn na bliana lean GMIT dár gclár rannpháirtíochta le comhpháirtithe sa Téalainn, Vietnam, Oman agus sa Malaesia. Tá an plean seo á fhorbairt agus ag cur deiseanna ar fáil le haghaidh comhoibríthe le comhpháirtithe éagsúla, ar a n-áirítear gníomhaireachtaí rialtais.

Leanann GMIT de bheith ag forbairt deiseanna scoláireachta le haghaidh neach léinn sna réigiúin sin chun tacú lena mian staidéar a dhéanamh in Éirinn agus i nGaillimh agus Maigh Eo. Ta sonraí le fáil ag <http://www.gmit.ie/international/non-eu-scholarships>.

Erasmus

Leanann an fhoireann Idirnáisiúnta de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí Erasmus ar fud GMIT. Tacaíonn an fhoireann freisin le neacha léinn GMIT a roghnaíonn staidéar a dhéanamh thar saíle agus a thugann faoi intéirneachtaí creidiúnaithe, mar chuid dá gcúrsa, san Eoraip.

Canada

GMIT signed two MOU's with Ontario College partners this year. Following discussions with St Lawrence College in Kingston and Niagara College on the Lake, articulation agreements were agreed in two subject areas and visits were made to both partners.

During this year, GMIT successfully secured funding from the Government of Ireland Mobility Programme to support curriculum development with St Lawrence College in the area of Hospitality Management. This funding supported GMIT staff – Jacinta Dalton, Colin Gilligan and Cormac Handy to travel to St Lawrence College in Kingston where the programme of work began. GMIT subsequently hosted a return visit from St Lawrence faculty and it is anticipated that this development will provide opportunities for student and faculty exchange. Irish students will be able to study at St. Lawrence for six months and St. Lawrence students will be able to come to GMIT to study for six months. This exchange will be recognised as part of their final award. In addition, St Lawrence students will have an opportunity to transfer to GMIT in year 3 to complete their degree in International Hotel Management.

Other Regions

During this year, GMIT continued our programme of engagement with partners in Thailand, Vietnam, Oman and Malaysia. This plan continues to evolve and provides opportunities to work with various partners, including government agencies.

GMIT continues to build scholarship opportunities for students in these regions to support their ambitions to study in Ireland and Galway and Mayo; details can be found at <https://www.gmit.ie/international/non-eu-scholarships>.

Erasmus

The International team continue to support Erasmus activities across GMIT. The team also supports GMIT students who choose to study overseas and who also undertake accredited internships, as part of their course, in Europe.

Chomh maith leis sin, déanann an fhoireann bainistiú ar an sruth neach léinn isteach ónár gcomhpháirtithe Eorpacha Erasmus. I gcaitheamh an dá bhliain seo caite, d'oibrigh muid go dícheallach ag iarraidh an éagothroime a cheartú faoina raibh níos mó neach léinn ag teacht isteach ná mar a bhí ag dul amach.

Leanaimid de bheith ag obair ar fud na gcampas chun feasacht ar dheiseanna Erasmus a mhéadú do na neacha léinn go léir agus ag óstáil ceardlanna agus seisiún faisnéise lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis is gá le haghaidh cur isteach ar na deiseanna spreagúla seo. Ina theannta sin, óstaímid seimineáir soghluaisteachta foirne chun baill foirne a spreagadh le bheith rannpháirteach agus leas a bhaint as na tacaíochtaí sin. Ba áisiúil í soghluaisteacht foirne chun caidrimh níos doimhne a thógáil le comhpháirtithe Erasmus.

I gcomhpháirtíochtaí le comhpháirtithe Erasmus, déanann GMIT an Comh-Mháistir Taighde Erasmus Mundus a sheachadadh in Acmhainní Bitheolaíochá Muirí.

Lena chois sin, déirigh leis an Institiúid breis maoinithe Erasmus a fháil faoi chomhpháirtithe straitéiseacha le haghaidh forbartha comhoibríthe i gcúrsaí Óstáin/Lónadóireachta. Déirigh chomh maith lenár n-iarratas ar mhaoiniú faoi théama comhghuaillíochta eolais i Scoil Idirnáisiúnta Óstáin na Gaillimhe dá gcomhpháirtíocht le La Rochellena Fraince agus leis an Malartú Cuibhreannais Scoile Óstáin na hEorpa ar fud na hEorpa.

Imeacht Oscailte ar 'Do Bhealach a Aimsiú san Oideachas' le Haghaidh Imirceach

D'ostaigh GMIT Mhaigh Eo imeacht oscailte sa champas ar 23 Feabhra dar teideal 'Do Bhealach a Aimsiú san Oideachas' do Nua-Éireannaigh atá ag iarraidh a mbealach a aimsiú trí chóras oideachais na hÉireann. Ar na cainteoirí bhí an Dr Kathy Reilly, NUIG, agus an Dr Valerie Ledwith agus an Dr Deirdre Garvey, GMIT. Thairg ionadaithe ó sholáthróirí oideachais éagsúla faisnéis agus comhairle duine le duine agus seisiún maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama. Rinne neacha léinn agus céimithe ardoideachais ar éirigh leo a mbealach a aimsiú tríd an gcóras a gcuid scéalta a chomhroinnt. Mhainigh an Roinn Cirt & Comhionannais an t-imeacht agus reáchtáladh é i gcomhar le GMIT agus MIA (grúpa Gníomhaíochta Idirchultúrtha Mhaigh Eo). Dúirt an Dr Davy Walsh, léachtóir ar na cláir Oideachas Allamuigh agus Cúraim Shóisialta, GMIT Mhaigh Eo a deagraigh an t-imeacht, "Is uirlis chumhachtach é an t-oideachas nuair atá comhtháthú i gceist".

In addition, the team also manage the incoming student stream from European Erasmus partners. Over the last two years we have worked diligently to attempt to correct an imbalance where more students were coming in than going out.

We continue to work across campuses to increase awareness of Erasmus opportunities for all students and host workshops and information sessions to ensure students have the required information to apply for these exciting opportunities. In addition we host staff mobility seminars to engage and encourage staff to avail of these supports. Staff mobility has proved very useful in helping the Institute to build deeper relationships with Erasmus partners.

GMIT also delivers, in partnerships with other Erasmus partners, the Erasmus Mundus Joint Research master's in Marine Biological Resources.

In addition, the Institute successfully won additional Erasmus funding under strategic partnerships for cooperative development in Hotel/Catering courses. Our application for funding under the knowledge alliances theme was also successful in the Galway International Hotel School for their partnership with La Rochelle in France and the European Hotel School Consortium Exchange throughout Europe.

Open Event on 'Finding Your Way to Education' for Migrants

